

Ócáid Oidhreachta 2005

Reáchtáil Cumann Forbartha ócáid oidhreachta a bhí an-spéisiúil i Seanscoil Shailearna ar an Sathairn an 19 Márta 2005. Cuspóir na hócáide ab ea léiriú a thabhairt don phobal ar na traidisiúin déantóireachta, ar an mbéaloideas, ar thithe mar a bhíodh, agus ar sheanuirlisí, seanghléasanna ceoil, srl. Bhí an taispeántas ar siúl ón 11.00 go dtí 17.50 agus níos déanaí an oíche sin, tugadh cuireadh don phobal freastal ar léacht a thug An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, ar an ábhar ‘Cearta Teanga! An Ród Seo Romhainn.’



Tús maith leis an eolas oidhreachta

I measc na dtaispeántais bhí bailiúchán béaloidis ó scoileanna Chois Fharraige, caoladóireacht ag Vincent Mc Carron ó Árainn, bailiúchán uirlisí agus gléasanna ceoil ag John Bhaba Jeaic, taispeántas iontach de bháid bheaga a rinneadh ag ranganna Pastime Chonamara agus taispeántas deileadóireachta. Bhí ranganna déanta duán, bailiúchán de sheanghrianghrafanna de thithe ceann tuí sa bparóiste a ghlac Ruairí Ó Baoill sa mbliain 1982 – bailiúchán ar chuir an pobal suim mhór ann – agus taispeántas de phictiúir i bhfrámaí de na tithe céanna.

Rinne an pobal freastal ar an dtaispeántas ó mhaidin go tráthnóna agus bhí slua breá i

láthair an oíche sin in amharclann na Seanscoile don léacht a thug an Coimisinéir Teanga. Lean seisiún fada ceistenna agus freagraí an léacht agus ba léir gur chuir an pobal suim mhór san ábhar.

Tar éis an tseisiúin sin cuireadh ceapairí, soláistí eile agus deochanna ar fáil agus bhain chuile dhuine an-sult as an oíche. Bhí an-áthas ar an gCumann Forbartha gur tháinig Cathaoirleach Ghlór na nGael, An Dr Máire Nic Annracháin, ó Bhaile Átha Cliath go dtí an ócáid agus gur labhair sí leis an slua a bhí i láthair ag an léacht. Tá an Cumann Forbartha an-bhuíoch do Patricia Ní Chonghaile, Ghlór na nGael, a thug cúnamh mór duinn leis an taispeántas a ullmhú agus d’Údarás na Gaeltachta as a thacaíocht d’ócáid an léachta.



Bhí teach ann fadó, agus is fadó bhí ...